# Foireann na Staire

Eagrán5
Fomhar 2020

*Ag tacú le múinteoirí Staire cabhair a thabhairt do staraithe óga na hÉireann.*

Sa doiciméad '**Ag filleadh ar an scoil**: Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile', luaitear: "Is iad ocht bprionsabal na Sraithe Sóisearaí an pointe tosaithe do scoileanna agus iad ag plé na gcineálacha clár is fearr a shásóidh riachtanais a scoláirí". Léiríonn na prionsabail seo an dá bhéim, neamhspleáchas méadaithe ag scoileanna maidir le cláir foghlama dhearadh agus cothromaíocht idir eolas agus scileanna sna cláir foghlama sin." Chun an nuachtlitir seo a fhorbairt, tógfaimid na hocht bprionsabal agus breathnóimid conas is féidir leo cabhrú le filleadh ar an seomra ranga Staire don tSraith Shóisearach [1].




## Cáilíocht

Cuirtear eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire, a bheidh léirithe ag ardionchais foghlaimeoirí agus ag tóraíocht na sármhaitheasal.

Oibríonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun cabhrú le scoileanna oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil dá gcuid scoláirí agus chun ionchais arda a leagan síos d'oideachas na Sraithe Sóisearaí ar fud na hÉireann. De bharr Phaindéim Covid-19, rinne na páirtithe leasmhara na hionchais don 3ú bliain reatha a choigeartú. Seo iad na freagraí ar chuid de na príomhcheisteanna a cuireadh orainn i dtaca leis na hathruithe seo:

| Ceist | Cé mhéad MRB a thuairisceofar ar PGSS an **3ú bliain reatha**? | An gcaithfidh **scoláirí an tríú bliain reatha** an Tasc Measúnaithe a dhéanamh? | Má thosaigh muid MRB 1 nuair a bhí an **3ú bliain reatha** sa 2ú bliain an féidir linn an MRB 1 sin a chríochnú? | Cén uair a bheas an uain ann ag lucht an **3ú bliain** faoi láthair lena MRB 2 a dhéanamh? |
|---|---|---|---|---|
| Freagair | Tuairisceofar MRB **amháin** ar an PGSS in 2021 | **Ní chaithfidh**, ní dhéanfaidh **an 3ú bliain reatha** an Tasc Measúnaithe | **Is féidir**. Cuireadh síneadh leis an dáta go dtí an scoilbhliain nua chun MRB 1 a chríochnú don **3ú bliain** atá ann faoi láthair. | Táimid ag fanacht leis na dátaí i gcomhair na n-uaineacha do na MRBnna ón CNCM. |

D'eisigh an CNCM píosaí de Mheasúnú Samplach chun cabhrú le d'fhorbairt ghairmiúil. Léiríonn siad roinnt cineálacha agus formáidí féideartha chun measúnú a dhéanamh ar shonraíocht na Staire.




Tá samplaí d'obair na scoláirí ag an CNCM do MRB 1: An tAm atá Thart i m'Áit Féin. Tá nótaí an mhúinteora a bhíonn bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta ina gcabhair mhór go háirithe i dtaca le forbairt bhreithiúnas gairmiúil na múinteoirí.

### Smaoineamh deiridh ar Cháilíocht

**Ag Socrú Isteach – Moilligh Síos le Breith Suas**

Tá na caidrimh sa seomra ranga ag croílár gach teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin. Mar a mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna, *'Tógfaidh sé tamall ar an bhfoireann agus ar na daltaí dul i dtaithí ar a bheith ar ais i dtimpeallacht na scoile agus a bheith réidh agus ar fáil chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Tá braistint phráinne maidir le filleadh ar an gcuraclam nádúrtha ach dá gcaithfí am chun gach dalta a shocrú agus iad a dhéanamh réidh don fhoghlaim bheadh torthaí dearfacha le baint as sin san fhadtéarma agus is dóigh go laghdódh sé sin an strus. Mar sin de, is tábhachtach nach ndeifríonn múinteoirí agus foireann na scoile chun díriú ar theagasc agus ar fhoghlaim fhoirmiúil sula ndéanann siad machnamh ar an ullmhacht ar dtús, ag díriú ar an bhfolláine'*[2] Tóg roinnt ama ag tús na bliana seo chun a fháil amach conas is féidir le prionsabail na Sraithe Sóisearaí cabhrú leat féin agus le do scoláirí agus sibh ag aistriú chuig seomra ranga agus an scaradh sóisialta i bhfeidhm. Sa chuid eile den nuachtlitir seo, breathnóimid conas is féidir leat é sin a dhéanamh, le roinnt moltaí, tacaí agus nasc chuig acmhainní. Le linn an téarma seo, beimid ag cruthú áiseanna agus acmhainní chun cabhrú leat leis na Measúnuithe Rangbhunaithe agus leis an scrúdú deiridh.

[1] **Ag filleadh ar an scoil:**Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile **,** 3.7 Breithnithe don tSraith Shóisearach L. 16

[2] **Tacú le Folláine Pobail Scoile agus na Scoileanna ag Athoscailt:** Treoir do Scoileanna

**Ag foghlaim conas foghlaim**

Tacaíonn curaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim den scoth le scoláirí neamhspleáchas níos mó a bhaint amach san fhoghlaim agus sa dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil, an bhreisoideachais agus an tsaoil oibre


Molann an doiciméad: '**Ag filleadh ar an scoil**: Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile', gur chóir : '*measúnú ar fhoghlaim na scoláirí a bheith dírithe ar fhorbairt scileanna agus inniúlachtaí a chothaíonn meas agus tuiscint na scoláirí ar a bhfreagracht dá bhfoghlaim agus a ról féin sa mheasúnú ar an bhfoghlaim sin*. '.'[3]
Is gné lárnach d'athchóiriú na Sraithe Sóisearaí í cabhrú le scoláirí leanúint ar aghaidh ag forbairt scileanna a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn agus mar thaca acu chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus, i ndeireadh na dála, go mbeidh foghlaim chun foghlama ar siúl acu. 'Beidh an measúnú foirmitheach, agus é i gcuideachta measúnú suimitheach, ina ghné lárnach den tSraith Shóisearach nua.'[4]
Cuireann an áis uirlisí úsáide fócas ar an bhfoghlaim ón CNCM tacaí úsáideacha agus praiticiúla ar fáil do mhúinteoirí chun measúnú múnlaitheach a úsáid ina seomra ranga

### Intinní Foghlama agus Critéir Ratha:

Is féidir le hintinní foghlama agus le critéir ratha cabhrú leis na scoláirí a thuiscint cá mhéad is gá dóibh a fhoghlaim agus conas a bheidh a fhios acu gur fhoghlaim siad é. Gan an tuiscint sin beidh an scoláire ag streachailt le freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama agus féinmheasúnaithe.
Seo roinnt smaointe chun a chinntiú go bhfuil a fhios ag an scoláire agus go dtuigeann siad na hintinní foghlama agus na critéir ratha:

- ✓ Cruthaigh iad leis na scoláirí – tabhair achoimre do na scoláirí ar an bpríomhfhoghlaim staire ó na torthaí foghlama ar a mbíonn an t-aonad bunaithe agus fiafraigh díobh::
  - Cad é a cheapann siad a bheadh orthu a fhoghlaim?
  - Conas a thaispeánfaidh siad duit gur fhoghlaim siad é?
- ✓ Roinn iad -leis an luaineacht agus an briseadh sa tinreamh a d'fhéadfadh tarlú sa téarma atá le teacht, bheadh sé ciallmhar dá gcruthódh scoláirí taifead digiteach nó páipéir de na hintinní foghlama agus de chritéir ratha gach aonaid chun cabhrú lena gcuid foghlama trí shlat tomhais a chruthú dóibh don fhéinmheasúnú.

Tá níos mó comhairle agus tacaí ar Intinní Foghlama agus Critéir Ratha sa chéad cheann de na leabhráin sa tsraith Fócas ar an bhFoghlaim. Tá roinnt samplaí oibre ann den chaoi ar féidir é seo a dhéanamh in Eispéiris Foghlama na Staire inár Loga Foghlama 19/20




### Scoláirí ag déanamh machnamh ar a gcuid Foghlama féin

Is féidir leis cabhrú le scoláirí freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama, agus a ndul chun cinn a dhoiciméadú chomh maith le bearnaí a aithint ina dtuiscint féin

Smaointe le deiseanna a chruthú do scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin:

- ✓ Cruthaigh scafláil cheist-bhunaithe le ligean do scoláirí féinmhachnamh a dhéanamh, ar nós:
  - Cad é? Agus cad é faoi? Agus cad é anois?
  - Dhá réalta agus mian
  - Ag obair go maith agus níos fearr fós má….?

  Tá réimse samplaí den fhéinmhachnamh sa loga foghlama dár lá FGL 2018-19. Is féidir iad a rochtain anseo.
- ✓ Tabhair am le haghaidh féinmhachnaimh i gceachtanna nó mar obair bhaile do scoláirí.
- ✓ Taispeáin do scoláirí conas a úsáideann tú féinmhachnamh sa phleanáil dá dteagasc agus dá bhfoghlaim. Mar shampla:
  - Téigh trí na cúiseanna a dtugann tú tascanna áirithe dóibh nó a dtéann tú siar ar intinní foghlama

Tá níos mó comhairle agus tacaí maidir le conas machnamh a spreagadh sa cheathrú leabhrán den tsraith Fócas ar an bhFoghlaim- *Scoláirí ag déanamh machnamh ar gcuid foghlama féin* ina bhfuil réimse straitéisí úsáideacha agus leidcheisteanna. Trí scoláirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhféinmhachnamh gníomhach ar a gcuid foghlama, cabhrófar leo sult a bhaint as an dá MRB Staire de bhrí go bhfuil machnamh ar cheann de cheithre ghné an phróisis don dá MRB sa Stair.

---

[3] **Ag filleadh ar an scoil:Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile ,** 4. Measúnú, L. 25
[4] **Creat don tSraith Shóisearach 2015**, 5.1, L. 37

## Rogha agus solúbthach

Tá clár na scoile sa tsraith shóisearach leathan go leor le réimse d'eispéiris fhoghlama a thairiscint do chách, agus ách, agus solúbtha go leor le rogha a thairiscint chun freastal ar riachtanais scoláirí.




Is é Rogha agus Solúbthacht ceann de na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach. Ba chóir go mbeadh clár Sraith Shóisearach na scoile leathan go leor le réimse leathan eispéiris foghlama a thairiscint do chách, agus go mbeadh sé solúbtha go leor le rogha a thabhairt a fhreastalóidh ar riachtanais na scoláirí. Tá an treoir ghinearálta curaclaim in '**Ag filleadh ar an scoil:** Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile' bunaithe, den chuid is mó ar an tuiscint gurb iad na scoileanna agus na múinteoirí is fearr a phleanálfaidh seachadadh an churaclaim sna cúinsí neamhghnácha atá ann"[5]. Ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí tá roinnt doiciméad againn a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh duit agus tú ag tabhairt faoin turas nua seo le do scoláirí.

Tabharfaidh an nasc seo thú chuig rannóg ár n-acmhainní pleanála. Is tábhachtach go mbeadh cur chuige pleanála agat "atá foghlaimeoir-lárnach, cothrom, oiriúnaitheach agus sofhreagrach do riachtanais scoláirí"[6].

Dearadh ár bPleanálaí d'Aonaid Foghlama sa chaoi go mbeidh an rogha agus an tsolúbthacht ag baill roinn Staire na scoile le socrú dóibh féin cén bealach is mian leo a ghlacadh ina gcomhthéacs sonrach féin agus iad ag iniúchadh na 38 dtoradh foghlama uile le linn na dtrí bliana de Stair na Sraithe Sóisearaí . Is féidir iad a fháil anseo. D'fhéadfadh leabhrán an CNCM Fócas ar an bhFoghlaim- Torthaí Foghlama - a bheith úsáideach freisin agus tú ag pleanáil le torthaí foghlama sna seachtainí amach romhainn . Is féidir teacht ar an bhfoireann uirlisí anseo.

## Rogha maidir le Torthaí Foghlama

Cúinsí Machnaimh: Seans gur mhaith leat, nó go mbeidh ort, roinnt de do scéimeanna nó de do phleananna reatha a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais do ghrúpa reatha scoláirí Staire sa tSraith Shóisearach. Féadfaidh na ceisteanna seo a leanas cabhrú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim:

- An gcuireann mo phleanáil ceachta cinntí comhoibríocha san áireamh faoi theagasc agus foghlaim lena n-áirítear cinntí faoi fhoghlaim riachtanach, seicheamh na foghlama, an luas ag a bhfoghlaimíonn scoláirí agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad?
- An bhfuil soláthar sna heispéiris foghlama atá pleanáilte don idirghníomhaíocht shóisialta agus do chomhoibriú idir scoláirí?
- An ndéanann na tascanna atá pleanáilte measúnú ar na torthaí foghlama nó ar na cuspóirí a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh thar shraith ceachtanna?
- An bhfuil rochtain ag gach scoláire ar na tascanna agus na gníomhaíochtaí foghlama atá pleanáilte, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus breise oideachais acu san áireamh?




"Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b'fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfear foghlaim nua i láthair.... Beidh cinntí lárnacha á ndéanamh ag múinteoirí, agus iad ag tógáil ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí mar atá leagtha amach thuas, faoina bhfoghlaimíonn scoláirí, an tord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad.

**Is iad na múinteoirí agus na scoileanna is fearr a dhéanfaidh na cinntí seo agus a chuirfidh breithiúnas gairmiúil agus neamhspleáchas i bhfeidhm sa chomhthéacs sin**" [7].

Chruthaigh muid teimpléad pleanála nua agus físeán ginearálta le dul leis a d'fhéadfadh a bheith ina phointe maith tosaigh don phleanáil ranga, comhoibríoch agus pearsanta araon. Is féidir teacht ar na tacaí seo sa rannóg phleanála dár láithreán gréasáin.

---

[5] **Ag filleadh ar an scoil:**Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile,1.1.4 Feidhm na treorach seo, L.4

[6]**Ag filleadh ar an scoil:**Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile,1.3 Prionsabail, L.5

[7]**Ag filleadh ar an scoil:**Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile 3.3 Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim, L. 14

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## Oideachas cuimsitheach


Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do




Mar is eol do roinnt mhaith againn, beidh cabhair ar leith ag teastáil ó scoláirí RSO agus iad ag filleadh ar scoil. Bhain breis agus 15,000 scoláire le RSO leas as Clár Soláthair Samhraidh an ROS. Agus é sin ar intinn againn, tá naisc áirithe á roinnt againn a bheas úsáideach do mhúinteoirí agus iad ag múineadh scoláirí le riachtanais bhreise.

Is é an chéad nasc an 'Treoir um Fhilleadh ar Scoil' ar chláir foghlama agus scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar mhúinteoirí, ní mór dúinn go léir a bheith eolach uirthi sin.


## Cabhrú le scoláirí a thugann faoi Chlár Foghlama Leibhéal 2 sa rang Staire




Chruthaigh muid taca pleanála is féidir a úsáid le deiseanna a aimsiú do scoláirí chun dul i ngleic leis na torthaí foghlama sna 5 aonaid tosaíochta foghlama, trí na Torthaí Foghlama sa Stair

Junior CYCLE for teachers
L2LPs


Tá réimse eolais agus tacaí sa rannán CFL2 de shuíomh gréasáin an SSM a d'fhéadfadh a bheith tairbheach do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair scoláirí a mhúineadh a bhfuil riachtanais ar leith acu




## Seimineár Gréasáin 2020: An Stair do Chách - An Seomra Ranga Staire Cuimsitheach

Dhírigh ár seimineár gréasáin ní ba luaithe i mbliana ar an seomra ranga staire cuimsitheach. Roinntear é ina cheithre chuid agus is féidir teacht air anseo freisin

## Spreagthaí ar líne chun scoláirí a bhfuil RSO acu a chur ag obair:





Is acmhainn ilmhódach, ilúsáide é an nasc thuas a d'fhéadfadh fiosrúchán stairiúil na scoláirí a spreagadh agus a gcuid fiosrachta a mhúscailt

Leanúnachas agus forbairt

Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim ar chumas scoláirí tógáil ar a bhfoghlaim go dtí tógáil ar a bhfoghlaim go dtí seo, aithníonn siad an dul chun cinn san fhoghlaim agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim amach anseo


Ba dhúshlán é leanúnachas agus forbairt na foghlama agus an teagaisc do gach scoláire a chinntiú le linn thréimhse na paindéime. I mbliana *'beidh tús na scoilbhliana seo mar aistriú do chách - aistriú ó bhaile go scoil'* do scoláirí agus do mhúinteoirí araon. [8] Seo roinnt smaointe chun go mbeidh an t-aistriú ar ais chuig an seomra ranga níos fusa dár scoláirí Staire sa tSraith Shóisearach

## Ón mBunscoil go dtí an Chéad Bhliain …





- ✓ Tabhair deiseanna chun a réamhfhoghlaim ón mbunscoil a fhorbairt. Tá treoir againn i dtaca leis na naisc idir Curaclam Staire na Bunscoile agus na hIar-Bhunscoile ar ár láithreán gréasáin anseo: https://www.jct.ie/history/resources
- ✓ Ceisteanna a mheallfaidh freagraí – Cad é atá ar eolas agat faoin stair? B'fhéidir amlíne den réamhfhoghlaim? Fiafraigh díobh faoi thionscadail staire a rinne siad cheana féin sa bhunscoil.
- ✓ Iarr orthu foinsí digiteacha a bhailiú ón 6 mhí dheireanacha (m.s. bronnadh céime fíorúil, cuirí tráth na gceist Zúm) agus amlíne imeachtaí nó capsúl ama a chruthú.

## Ón gCéad Bhliain go dtí an Dara Bliain...




- ✓ Tabhair aitheantas don obair a rinne siad agus iad ar shiúl ón scoil.
- ✓ Mhair ár gcuid scoláirí trí mhórócáid stairiúil, 'Paindéim 2020'. Sna blianta atá le teacht beidh a ngarpháistí féin ag cur agallamh orthusan le haghaidh an MRB 1 a bheas acu agus cad é a inseoidh siad dóibh?
- ✓ Mar ullmhúchán do MRB 1, tabhair na scoláirí ar thuras fíorúil ar mhúsaem áitiúil
- ✓ Cruthaigh spás dóibh a gcuid eispéiris stairiúla féin ar an dianghlasáil a roinnt
- ✓ Is fiú straitéisí cosúil le Cleachtadh Réamh-Mheasta sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta chun cabhrú le féinmheasúnú na scoláirí agus chun a gcuid foghlama a fhorbairt

## Ón Dara go dtí an Tríú Bliain ......




- ✓ Tabhair aitheantas don obair a rinne siad agus iad ar shiúl ón scoil
- ✓ Iarr orthu taifead scríofa a chruthú bunaithe ar dhuine a bhí páirteach sa nuacht le 6 mhí anuas
- ✓ Chomh maith leis an bpaindéim, bhí an sé mhí dheireanacha ina thréimhse mhíshuaimhneach agus lán le hathruithe - an féidir leo alt a scríobh faoi imeacht eile a tharla in 2020? D'fhéadfadh Cartlann Nuachtáin na hÉireann ó Scoilnet a bheith ina phointe tosaigh maith. Conas a tuairiscíodh fliú na Spáinne in Éirinn in 1918?
- ✓ D'fhéadfadh seiceáil isteach spraíúil a dhéanamh ar an bhfoghlaim ag úsáid *Kahoot* nó *hotseat* le scaradh sóisialta a bheith mar roghanna eile

## Do Chách:

- ✓ Cuimhnigh spraoi a bheith agat!
- ✓ Moilligh síos le breith suas!



[8] **Ag filleadh ar an scoil:**Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile , L. 7

Caidreamh agus rannpháirtíocht

Spreagann eispéireas an churaclaim, an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil .




Íomhá a bhuíochas do Darren Byrne, Sarah Dempsey agus Darren Causland, Meánscoil Naomh Seosamh, an Ros

Príomhphrionsabal den tSraith Shóisearach is ea rannpháirtíocht ghníomhach an scoláire ina gcuid foghlama, agus braitheann sin ar ghuth na scoláirí a spreagadh i seomra ranga na Staire, agus an saol atá lasmuigh den scoil atá ábhartha agus ar léiriú ar a saol siúd é, a thabhairt isteach'. Gné bhunúsach den treoir a mholtar chun tacú le folláine na bpobal scoile agus iad ag athoscailt is ea guth agus gníomhú an scoláire a spreagadh, agus is féidir é sin a mheas [anseo](#).




I mí na Bealtaine 2020, bhí seimineár gréasáin ag foireann SSM don Scoil Uile ar ghuth na scoláirí i gcroílár na foghlama agus i saol na scoile. D'fhéadfadh an taifeadadh a bheith ina chabhair ag scoláirí lena nguth a aimsiú sa seomra ranga Staire . Is féidir leis an seomra ranga Staire a bheith ina áit ina n-insíonn an scoláire scéalta faoina dteaghlaigh agus faoin stair áitiúil agus ina bpléann siad a dtuiscint ar imeachtaí conspóideacha reatha agus stairiúil.




Ag ár Lá FGL 'Cur Chuige Scoláire-lárnach i leith Stair na Sraithe Sóisearaí', d'iarr muid oraibh machnamh a dhéanamh ar eispéiris scoláirí ar shonraíocht na Staire ag úsáid réimse leidcheisteanna. D'fhéadfadh an cur chuige seo a bheith ina phointe maith tosaigh chun deis a thabhairt do scoláirí a gcuid mothúchán a chur in iúl maidir le staidéar a dhéanamh ar an Stair agus faoi na taithí ar dhúnadh na scoile agus faoin méid a theastódh uathu le tabhairt faoin bhfoghlaim arís.


Is leibhéil éagsúla rannpháirtíochta san fhoghlaim a bheas ag scoláirí difriúla le linn thréimhse na dianghlasála. Bainfidh múinteoirí úsáid as straitéisí éagsúla ionas go bhfaighidh scoláirí taithí ar réimse leathan teagaisc agus rannpháirtíocht. Is féidir le scoláirí sa seomra ranga staire páirt a ghlacadh i gceistiúchán, eispéiris, taighde agus obair a roinnt ag baint úsáid as meascán straitéisí ina n-úsáidtear uirlisí digiteacha, mar shampla:




[Coggle](#)




[Padlet](#)




[Kahoot](#)

Is féidir deiseanna a chruthú do scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí rannpháirteacha agus gníomhacha sa Stair - agus is féidir seiceáil isteach ar an réamhfhoghlaim agus tógáil uirthi - má ghlacann siad páirt in eispéiris foghlama a fhorbraíonn Torthaí Foghlama Snáithe a hAon. Trí dhéantáin stairiúla a chruthú, chun taifead den phaindéim in Éirinn a chaomhnú, is féidir ardán a chur ar fáil do scoláirí chun a dtaithí le sé mhí anuas a thaispeáint agus a chur in iúl go hoibiachtúil . Déantáin ar nós:

- Amlínte
- Capsúil ama
- Leabhair Ghearrthóg dhigiteacha/fhisiceacha
- Taispeántais ranga

Trí fhianaise a úsáid ar imeachtaí a tharla le déanaí agus ar dhaoine mór le rá, cuirtear ar chumas na scoláirí comhbhá a bheith acu agus a gcomhfhios stairiúil a spreagadh


thejournal.ie | Contribute : Support us now

Irish News FactCheck Voices Brexit Covid-19

Timeline: The key dates in Ireland's initial response to the global Covid-19 pandemic

We take a look at the events leading up to the decision to bring in Ireland's first major coronavirus measures.


D'fhéadfadh an t-alt seo ó *The Journal* a bheith ina phointe maith tosaigh chun fianaise a bhailiú

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Cruthaitheacht agus nuáil**

**Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach.**

Bhí cruthaitheacht agus nuálaíocht na múinteoirí in oideachas na hÉireann le linn na paindéime ar dóigh. Ceann de na réimsí ba shoiléire ina raibh sé sin amhlaidh ab ea uas-sciliú tapa múinteoirí i dtaca le Teicneolaíochtaí san Fhoghlaim Dhigiteach (TFD) a úsáid le haghaidh na cianfhoghlama . I dTuarascáil ITES ar 'Thionchar COVID san Oideachas', tuairiscíodh an méid seo a leanas: [9]*'Bhí ceannairí scoile beagnach d'aon toil agus iad ag moladh foirne, ag cur in iúl a dtiomantas dá ról agus a ndíocas chun dul in oiriúint don chianfhoghlaim agus rath a bheith orthu.'* Ceann de na dúshláin iomadúla a bhain le hathoscailt na scoileanna, agus an scaradh sóisialta i bhfeidhm, is ea conas a bheith nuálach, agus '*réimse leathan eispéiris foghlaim ghníomhach . . . do gach scoláire*' a chruthú agus a úsáid. Bealach amháin a fhéadfaí a úsáid: *'Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach sofhreagrach agus nuálach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú'*.'[10]







Chabhródh sé le múinteoirí Staire uirlisí digiteacha a úsáid sa seomra ranga, nuair is féidir: 'An úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun deis a thabhairt do scoláirí a bheith rannpháirteach agus leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama' sa chás go ndúnfar scoileanna arís.

### Tá trí acmhainn cruthaithe ag *JCT History* a chabhródh le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha.

1. **Ag obair le seimineár gréasáin na Fianaise:**
   Don seimineár gréasáin seo, chruthaigh muid réimse físeán ar shuíomh i Músaem Chontae an Chabháin a chabhraíonn le rannpháirtíocht le torthaí foghlama sna trí shnáithe den tSonraíocht. Is féidir teacht orthu anseo ar an rannán físeáin dár leathanach acmhainní




2. **Finné súl ar na Trioblóidí**
   I gcomhar le cartlanna RTÉ, chruthaigh muid acmhainn chun cabhrú le múinteoirí úsáid a bhaint as bailiúchán ollmhór de ghearrthóga beaga físe a bhaineann le réimse leathan torthaí foghlama ar fud na snáitheanna de Stair na Sraithe Sóisearaí. Díríonn an acmhainn seo ar na Trioblóidí i dTuaisceart Éireann, ach tá réimse straitéisí ann chun físeán a úsáid laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Is féidir é a rochtain anseo.




3. **Acmhainn Seomra Ranga 'Wrecking the Rising'**

Is comhoibriú í an acmhainn seo idir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus Údarás Craolacháin na hÉireann (UCÉ) agus scrúdaíonn sí gnéithe de shraith stairiúil drámaíocht ghrinn TG4 'Wrecking the Rising' (ar a dtugtar *Éirí Amach Amú* freisin) a fuair tacaíocht airgeadais ón UCÉ. Is féidir í a rochtain anseo.

### Tacaí eile ón SSM ar féidir leo cur ar chumas múinteoirí a bheith cruthaitheach agus nuálach le teicneolaíochtaí digiteacha:

Ó 2017 – 2020, reáchtáil Foireann Cheoil SSM sraith ceardlanna roghnacha FGL ar uirlisí foghlaim dhigiteach a úsáid agus tá bailiúchán den scoth acu d'ábhair thacaíochta 'Conas' do mhúinteoirí ar a láithreán gréasáin anseo.














Chuir ár gcomhghleacaithe ar fhoireann Gaeilge an SSM réimse tacaí Teicneolaíochtaí san Fhoghlaim Dhigiteach ar fáil a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach do mhúinteoirí Staire atá ag uas-sciliú sa réimse seo.. Is féidir iad a rochtain anseo.









Is féidir leas a bhaint as na hacmhainní seo go héasca chun acmhainní a chruthú don seomra ranga Staire.

[9] Learning for all -Second-Level Education in Ireland During COVID-19, L. 95
[10] **Ag filleadh ar an scoil:** Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile 3.4 Cuir chuige foghlama, L.4

## An Fholláine s'Agatsa

Cuidíonn eispéireas scoláirí go díreach lena bhfolláine agus lena dteacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta. Tarlaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht atá dírithe ar leas comhoibríoch na scoile, an phobail agus na sochaí.




Táimid go léir eolach ar phrionsabal na Folláine sa tSraith Shóisearach mar a achoimrítear í thuas. Mar sin féin, tá tábhacht níos mó na riamh le folláine na múinteoirí agus muid ag dul i ngleic le dúshláin an tseomra ranga i ré an choróinvíris. Tá doiciméad úsáideach curtha ar fáil ag NEPS dar teideal **Tacú le Folláine Pobail Scoile agus na Scoileanna** ar féidir teacht air anseo. In oiliúint ionduchtaithe na hiar-bhunscoile ón ROS i gcomhair filleadh ar scoil, leagtar amach teachtaireachtaí tábhachtacha chun cabhrú le folláine: [11]. Cé go gcuireann scaradh sóisialta teorainn le cruinnithe comhghleacaithe duine le duine, is féidir le hidirghníomhaíocht ar líne deis ar uas-sciliú a thabhairt. Daoibhse múinteoirí atá nua chuig Stair na Sraithe Sóisearaí, d'fhéadfadh ár seimineáir ghréasáin cabhrú le soiléiriú a dhéanamh ar an méid atá ag teastáil agus aon strus nó imní a mhaolú maidir leis an tsonraíocht nua. Is féidir teacht ar na taifeadtaí ar ár láithréan gréasáin.



"Is é atá i gceist le nascacht shóisialta caidrimh a bheith agat le daoine eile a thuigeann tú agus a thacaíonn leat. Cruthaíonn naisc agus caidrimh a fhorbraítear le comhghleacaithe agus le scoláirí an bonn le haghaidh rannpháirtíochta, folláine mhothúchánach agus ullmhacht chun foghlama"[12] Trí bheith i do bhall de chumann ábhair is féidir ligean do mhúinteoirí comhoibriú, go háirithe do mhúinteoirí atá ina n-aonar sa Roinn Staire. Is féidir sonraí iarratais ar bhallraíocht i gCumann Múinteoirí Staire na hÉireann a fháil anseo.

Mar staraithe táimid paiseanta faoinár n-ábhar. Agus níos lú deiseanna ann anois chun freastal ar léachtaí nó cuairt a thabhairt ar mhúsaeim i rith an fhómhair nó an gheimhridh, is ábhar misnigh é níos mó ábhair a bheith á chur ar fáil ar líne. I measc roinnt podchraoltaí ar díol spéise do mhúinteoirí Staire iad tá::

Tá sceideal de thaispeántais agus d'acmhainní saor in aisce le fáil ag:

Tá réimse gearrthóg agus clár faisnéise suimiúil ar fáil ag:




Agus muid ag iarraidh cabhrú lenár gcuid scoláirí filleadh ar an scoil slán sábháilte agus saor ó strus, tá sé ríthábhachtach go gcuimhneoimid ar ár bhfolláine féin. Cuireann **Tacaíocht le Folláine Pobail Scoile agus na Scoileanna** i gcuimhne dúinn go bhfuil teorainneacha soiléire ag teastáil idir an obair agus an fhóillíocht agus go gcaithfear rudaí a dhéanamh a thugann orainn a bheith táirgiúil lasmuigh den scoil agus a thugann dúshlán dár gcruthaitheacht. Sampla amháin de ghníomhaireacht is ea *Éire Ildánach* a d'fhéadfadh cabhrú le tú a spreagadh. Mar sin, tóg am chun dul i dtaithí ar na hathruithe, do scíth a ligean agus an acmhainneacht a fhorbairt a thabharfaidh tríd an am dúshlánach seo muid..

---

[11] https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/70e34-tacu-le-follaine-pobail-scoile-agus-na-scoileanna-ag-athoscailt-treoir-do-scoileanna/

[12] ***Ag Tacú le Folláine Phobal na Scoile: Ag filleadh ar scoil tar éis Dhúnadh na Scoileanna de bharr Covid-19.*** Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/5812d-acmhainni-follaine/